Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Aibreán 2026**
**(OR. en)**

**8164/26**

**ENER 177**
**CLIMA 193**
**CONSOM 118**
**TRANS 218**
**AGRI 267**
**IND 245**
**ENV 347**
**COMPET 421**
**FORETS 56**
**DELACT 70**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 10 Aibreán 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 2306 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 10.4.2026 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/807 ón gCoimisiún chun conair a thabhairt isteach chun tionchar bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise lena ngabhann riosca ard maidir le hathrú indíreach ar thalamhúsáid a laghdú de réir a chéile go dtí go gcomhlíonfar spriocanna fuinnimh in-athnuaite |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 2306 final.

---

Faoi iamh: C(2026) 2306 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.4.2026
C(2026) 2306 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 10.4.2026**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/807 ón gCoimisiún chun conair a thabhairt isteach chun tionchar bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise lena ngabhann riosca ard maidir le hathrú indíreach ar thalamhúsáid a laghdú de réir a chéile go dtí go gcomhlíonfar spriocanna fuinnimh in-athnuaite**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Leagtar amach i dTreoir (AE) 2018/2001 teorainn shonrach le bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise a tháirgtear ó bharra bia agus beatha a bhfuil ardriosca ag baint leo ó thaobh an athraithe indírigh ar an talamhúsáid de agus a dtugtar faoi deara ina leith go bhfuil síneadh mór curtha lena limistéar táirgthe bunábhair le go gcumhdófaí talamh a bhfuil stoc ard carbóin aige. Leag an Coimisiún amach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/807 na critéir chun an bunábhar lena ngabhann ardriosca maidir le hathrú indíreach ar thalamhúsáid a chinneadh a dtugtar faoi deara ina leith go ndearnadh leathnú mór ar an limistéar táirgeachta le go gcumhdófaí talamh a bhfuil stoc ard carbóin aige.

Leis an ngníomh tarmligthe seo, tugtar cothrom le dáta an mhodheolaíocht chomh maith leis na sonraí chun bunábhar lena ngabhann riosca ard maidir le hathrú indíreach ar thalamhúsáid a chinneadh, ar ina leith a thugtar faoi deara leathnú suntasach ar an limistéar táirgthe isteach i dtalamh a bhfuil stoc ard carbóin uirthi, agus socraítear conair chun laghdú a dhéanamh de réir a chéile ar thionchar bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise lena ngabhann riosca ard maidir le hathrú indíreach ar thalamhúsáid, ar bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise iad a tháirgtear ó bhunábhar ar ina leith a thugtar faoi deara go bhfuil leathnú mór ar an táirgeadh isteach i dtalamh a bhfuil stoc ard carbóin aige, go dtí go gcomhlíonfar na spriocanna maidir le fuinneamh in-athnuaite.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Ós rud é gur de chineál teicniúil é an gníomh tarmligthe seo, ní raibh gá le measúnú tionchair ná comhairliúchán poiblí oscailte. De ghnáth, ní bhíonn gá leo sin ach amháin i gcás mórthionscnamh.

Thug an Coimisiún faoi roinnt cleachtaí comhairliúcháin chun críoch an ghnímh tharmligthe, lena n-áirítear cruinniú den ghrúpa saineolaithe maidir le breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin an 25 Feabhra agus an foilsiú le haghaidh aiseolas ón bpobal ar an Tairseach um Rialáil Níos Fearr ón 21 Eanáir 2026 go dtí an 18 Feabhra 2026.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Déantar an togra de bhun Airteagal 26(2) de Threoir (AE) 2018/2001, lena gcumhachtaítear an Coimisiún le gníomh tarmligthe a ghlacadh ina leagtar amach na critéir chun bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise lena ngabhann riosca íseal maidir le hathrú indíreach ar thalamhúsáid a dheimhniú agus chun an bunábhar lena ngabhann riosca ard maidir le hathrú indíreach ar thalamhúsáid a chinneadh ar ina leith a thugtar faoi deara go bhfuil leathnú mór ar an limistéar táirgthe isteach i dtalamh a bhfuil stoc ard carbóin aige agus chun an Treoir sin a fhorlíonadh trí chonair a áireamh chun laghdú a dhéanamh de réir a chéile ar thionchar bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise lena ngabhann riosca ard maidir le hathrú indíreach ar thalamhúsáid, ar bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise iad a tháirgtear ó bhunábhar ar ina leith a thugtar faoi deara go bhfuil leathnú mór ar an táirgeadh isteach i dtalamh a bhfuil stoc ard carbóin aige.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 10.4.2026**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/807 ón gCoimisiún chun conair a thabhairt isteach chun tionchar bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise lena ngabhann riosca ard maidir le hathrú indíreach ar thalamhúsáid a laghdú de réir a chéile go dtí go gcomhlíonfar spriocanna fuinnimh in-athnuaite**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn[1], agus go háirithe Airteagal 26(2), an cúigiú fomhír, di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Léiríodh san athbhreithniú ar na sonraí maidir le leathnú bunábhair go bhfuil athrú tagtha ar phatrún forbartha táirgthe na mbarr bia agus beatha ábhartha chomh maith leis na tosca táirgiúlachta. Is iomchuí, dá bhrí sin, na sonraí maidir leis an leathnú san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/807 ón gCoimisiún chomh maith leis na tosca táirgiúlachta a chuirtear i bhfeidhm san fhoirmle a leagtar amach in Airteagal 3 a thabhairt cothrom le dáta. Chun a áirithiú go mbeidh na sonraí maidir le leathnú bunábhair ionadaíoch, is gá an tréimhse ar lena linn a chinntear leathnú gach bairr a bheith fada go leor chun luaineachtaí staidrimh teagmhasacha sna sonraí bliantúla a fhrithchothromú. Is iomchuí, dá bhrí sin, sonraí a mheas ó 2014 ar aghaidh.

(2) Tá difríocht idir bearta breisíochta maidir leis an tréimhse ama go dtí go mbíonn bunábhar breise mar thoradh orthu. Tá sé iomchuí mar sin tréimhse a n-incháilitheachta a thomhas bunaithe ar an bpointe ama a cuireadh tús le táirgeadh bunábhair breise, seachas ar an bpointe ama a chuirtear chun feidhme iad.

(3) Iarrtar i dTreoir (AE) 2018/2001 go gcuirfí teorainn shonrach le bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise a tháirgtear ó bharra bia agus beatha a bhfuil ardriosca ag baint leo ó thaobh an athraithe indírigh ar an talamhúsáid de agus a dtugtar faoi deara ina leith go bhfuil síneadh mór curtha lena limistéar táirgthe bunábhair le go gcumhdófaí talamh a bhfuil stoc ard carbóin aige, de réir mhéid a dtomhaltais i ngach Ballstát in 2019. Ón 31 Nollaig 2023 ar aghaidh ba cheart a dtionchar a laghdú de réir a chéile go 0 % faoi 2030 ar a dhéanaí.

(4) Tá sé de chúram ar an gCoimisiún conair a bhunú chun tionchar na mbreoslaí sin a laghdú. Leis an gconair sin, socraítear teorainn le tionchar uasta na mbreoslaí sin in aon bhliain ar leith, lena n-áirithítear gurb é 0 % an rannchuidiú in 2030. Is iomchuí conair líneach a chur i bhfeidhm, ós rud é go seachnaítear athruithe tobanna leis an

[1] IO L 328, 21.12.2018, lch. 82.

gcur chuige sin agus go gcumasaítear coigeartú de réir a chéile ar an margadh leis, agus laghdú ar an ranníocaíocht go 0 % faoi 2030 á áirithiú an tráth céanna. Ba cheart tús a chur leis an gconair in 2024, an bhliain ina dtuairisceoidh na Ballstáit sonraí faoin dul chun cinn maidir le fuinneamh in-athnuaite ina leith den chéad uair in 2027 faoi Rialachán (AE) 2018/1999[2].

(5) Le Treoir (AE) 2023/2413 leasaíodh Airteagal 26(2) de Threoir (AE) 2018/2001 trí oibleagáid a thabhairt isteach, ina séú fomhír, atá dírithe ar an gCoimisiún chun athbhreithniú tráthrialta a dhéanamh ar na critéir chun bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise lena ngabhann riosca íseal maidir le hathrú indíreach ar thalamhúsáid a dheimhniú agus chun bunábhar lena ngabhann riosca ard maidir le hathrú indíreach ar thalamhúsáid a chinneadh a dtugtar faoi deara ina leith go bhfuil síneadh mór curtha leis an limistéar táirgthe le go gcumhdófaí talamh a bhfuil stoc ard carbóin aige, agus chun Rialachán (AE) 2019/807 a thabhairt cothrom le dáta i bhfianaise imthosca atá ag teacht chun cinn agus na fianaise eolaíche is déanaí atá ar fáil. Is iomchuí, dá bhrí sin, Airteagal 7 den Rialachán sin a aisghairm.

(6) D'fhéadfadh cleachtais talmhaíochta amhail curaíocht sheicheamhach agus idirchuraíocht feabhas a chur ar tháirgiúlacht na talmhaíochta. Mar chuid den athbhreithniú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/996, a bhfuiltear ag súil leis faoi dheireadh 2026, déanfaidh an Coimisiún a mheasúnú an bhfuil sé iomchuí tuilleadh sonraithe a dhéanamh ar chreat deimhniúcháin na mbithbhreoslaí, na mbithleachtanna agus na mbreoslaí bithmhaise lena ngabhann riosca íseal maidir le hathrú indíreach ar thalamhúsáid a mhéid a bhaineann le cumhdach na gcleachtas sin, agus coimircí comhshaoil á gcaomhnú an tráth céanna. Féadfaidh an Coimisiún scrúdú breise a dhéanamh ar oiriúnacht na gcur chuige réigiúnach.

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/807 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/807**

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/807 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) go bhfuil meánleathnú bliantúil limistéar táirgeachta domhanda an bhunábhair ó bhí 2014 ann níos airde ná 1 % agus go ndéanann sé difear do níos mó ná 100 000 heicteár.';

(b) i bpointe (b), an chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte deiridh:

---

[2] Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 94/22/CE, Treoir 98/70/CE, Treoir 2009/31/CE, Treoir 2009/73/CE, Treoir 2010/31/AE, Treoir 2012/27/AE, agus Treoir 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2009/119/CE agus Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (Téacs atá ábhartha maidir le LEE), (ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1999/2023-11-20)

‘Beidh PF 2,0 ann i gcás arbhar Indiach, 2,2 i gcás ola pailme, 3,1 i gcás biatas siúcra, 1,9 i gcás cána siúcra agus 1 i gcás na mbarr eile uile.’;

(2) in Airteagal 5(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) níor cuireadh tús le bunábhar breise a tháirgeadh mar gheall ar chur chun feidhme na mbeart breisíochta níos faide ná 10 mbliana sular deimhníodh na bithbhreoslaí, na bithleachtanna agus na breoslaí bithmhaise mar bhreoslaí lena ngabhann riosca íseal maidir le hathrú indíreach ar thalamhúsáid.’;

(3) Cuirtear an tAirteagal 6a seo a leanas isteach:

*‘Airteagal 6a*

**Conair chun tionchar bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise lena ngabhann riosca ard maidir le hathrú indíreach ar thalamhúsáid a laghdú**

Chun ríomh a dhéanamh ar olltomhaltas deiridh fuinnimh Ballstáit ó fhoinsí in-athnuaite dá dtagraítear in Airteagal 7 de Threoir (AE) 2018/2001 agus ar an sciar íosta d’fhuinneamh in-athnuaite nó ar an sprioc maidir le laghdú ar dhéine gás ceaptha teasa dá dtagraítear in Airteagal 25(1), an chéad fhomhír, pointe (a) den Treoir sin, an sciar de bhithbhreoslaí, bithleachtanna nó breoslaí bithmhaise lena ngabhann riosca ard maidir le hathrú indíreach ar thalamhúsáid a tháirgtear ó bharra bia agus beatha a dtugtar faoi deara ina leith go bhfuil síneadh mór curtha leis an limistéar táirgthe le go gcumhdófaí talamh a bhfuil stoc ard carbóin aige, ní sháróidh an sciar sin na céatadáin seo a leanas:

(a) 85,7 % in 2024

(b) 71,4 % in 2025

(c) 57,1 % in 2026

(d) 42,8 % in 2027

(e) 28,6 % in 2028

(f) 14,3 % in 2029

(g) 0 % in 2030’;

(4) Aisghairtear Airteagal 7.

*Airteagal 2*

Cuirtear an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/807.

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 10.4.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*